Foirm um Achomharc chuig an Oifigeach Achomhairc Teanntála

Más mian leat gearán a dhéanamh maidir le heachtra theanntáil/aistriú feithicle chuig an Oifigeach Achomhairc Teanntála, iarrtar ort an fhoirm seo **a chomhlánú** agus a fhilleadh trí phost ar:

An Rannán um Rialáil Teanntála,
An tÚdarás Náisiúnta Iompair,
1^{ú} Urlár,
Dún Scéine,
Cúirt Uíbh Eachach,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.

nó a sheoladh trí ríomhphost chuig:-

clamping@nationaltransport.ie

Iarrtar ort na nótaí ag deireadh na foirme seo a léamh go cúramach sula ndéantar í a chomhlánú.

Leagan: Aibreán/April 2019
Leagan Gaeilge ar fáil ach é a iarraidh

Foirm um Achomharc chuig an Oifigeach Achomhairc Teanntála

Céadainm: _____ Sloinne: _____

Do Sheoladh Poist (lena n-áirítear do Eirchód áit a mbaineann):

_____

_____

Do Sheoladh R-phoist:

Ar mhaith leat comhfhreagras a dhéanamh trí r-phost leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le d'achomharc (cuir tic le ceann amháin le do thoil)? Sea □ Ní hea □

D'Uimhir Theagmhála:

Cláruimhir (na feithicle teanntáilte/aistrithe):

Dáta an Fhorfheidhmithe/Dáta an Fhógra Teanntála:

An áit ina raibh an fheithicil páirceáilte:

Ainm an Rialaitheoir Páirceála (sin an chuideachta a rinne d'fheithicil a theanntáil nó a aistriú):

Fógra Teanntála/Fógra Forfheidhmithe/Uimhir Dhoghluaiseachta:

Ar aistríodh an fheithicil (ar bogadh chuig ionad eile í ag an rialaitheoir páirceála) – cuir tic le ceann amháin le do thoil? Sea □ Ní hea □

Má d'fhreagair tú sea, sonraigh le do thoil an t-ionad ar aistríodh an fheithicil chuige:

Méid an táille as Scaoileadh Teanntáin/Aistriú:

€

Cion nó Eachtra Páirceála Míchirte nó Mídhleathaí mar atá sonraithe ar an bhFógra Teanntála (i.e. fáth le teanntáil):

Dáta an 'Litir Cinnidh' a fuarthas ón Rialaitheoir Páirceála tar éis an achomharc céad chéime:

An dáta **ar a bhfuair tú**[1] an 'Litir Chinnidh' thuas ón Rialaitheoir Páirceála (más difriúil leis an dáta thuas):

Bunúis an Achomhairc (tabhair tuairisc shoiléir agus bheacht le do thoil ar an gcúis/na cúiseanna go gceapann tú go raibh an cinneadh tosaigh i leith teanntála mícheart):

[1] **Tabhair faoi deara nach mór go bhfaigheadh an NTA d'achomharc dara céime laistigh de 30 lá ón dáta sin**.

Liosta de na Cáipéisí faoi iamh (ná cuir faoi iamh ach cóipeanna – ní fhillfear buncháipéisí):

1. Cóip den 'Litir Chinnidh' a fuair tú ón rialaitheoir páirceála tar éis d'achomharc céad-chéime. **(Ní mór an comhfhreagras sin a áireamh le d'achomharc.)**
2.
3.
4.

Tabhair faoi deara: má tá grianghraif leis, sonraigh le do thoil an dáta agus an t-am ar ar tógadh iad, mura bhfuil an t-eolas sin priontáilte ar na híomhánna.

Dearbhú:

Is mian liom achomharc a dhéanamh chuig an Oifigeach Achomhairc Teanntála i gcoinne chinneadh an rialaitheoir páirceála maidir leis an eachtra forfheidhmithe sin. Tá na cúiseanna go léir le m'achomharc curtha san áireamh agam agus an fhoirm seo á comhlánú agam. Léigh mé agus thuig mé na nótaí go léir (1 go 7 san áireamh) ar an gcéad leathanach eile, an *Nóta faoi Fhaisnéis Phearsanta* díreach faoi bhun na míre seo agus an *Ráiteas Príobháideachais don tSeirbhís um Achomhairc in aghaidh Theanntáil Feithiclí* ag bun na foirme seo.

Nóta faoi Fhaisnéis Phearsanta: *Má roghnaíonn tú faisnéis phearsanta a chur isteach chugainn chun críoch achomhairc, ní úsáidfimid an fhaisnéis sin ach ar aon dul leis an gcuspóir dár chuir tú ar fáil í. Ní roinnfimid do shonraí le gníomhaireacht eile ach má éilítear sin ag an dlí chun d'achomharc a fhiosrú. Coimeádfaimid do shonraí ar feadh trí (3) bliana, agus ina dhiaidh sin, scriosfar go sábháilte iad. Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta agus cur faoi deara aon sonraí míchruinne maidir leat a leasú gan rómhoill (iarrtar ort scríobh chuig an NTA ag **privacy@nationaltransport.ie** nó tríd an bpost chuig Dún Scéine, Cúirt Iveagh, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, má theastaíonn níos mó faisnéise uait chuige sin nó más mian leat na cearta sin a chleachtadh). Ní bhailíonn an NTA sonraí pearsanta chun críocha gnó.*

Sínithe: _____
(Bunsíniú ag teastáil)

Dáta: _____

Nótaí:

1. **Níor cheart an fhoirm seo a leagan isteach ach má rinneadh achomharc chuig an rialaitheoir páirceála cheana agus má tá tú míshásta leis an toradh**. Ní féidir leis an Oifigeach Achomhairc Teanntála déileáil le haighneacht ach má tá an achomharc céad-chéime chuig an rialaitheoir páirceála tugtha chun críche.

2. Ní mór go bhfaigheadh an **NTA an fhoirm chomhlánaithe laistigh de 30 lá** ón dáta ar a bhfuair tú cinneadh an rialaitheoir páirceála i leith d'achomharc céad chéime.

3. Ní mór an fhoirm **a chomhlánú go hiomlán agus ní mór go mbeadh bunsíniú ann**. Má chuirtear isteach foirm neamhiomlán, foirm nach bhfuil bunsíniú inti nó foirm ina bhfuil faisnéis mhíchruinn d'fhéadfadh go gcoimeádfaí tiománaithe ó rochtain a fháil ar an bpróiseas um achomhairc dara-céime.

4. Ní mór na cúiseanna go léir leis an achomharc a leagan amach san fhoirm. Féadfaidh tú leathanaigh bhreise a áireamh mura bhfuil dóthain spáis ar an bhfoirm don fhaisnéis go léir ar mian leat a thabhairt mar thacaíocht do d'achomharc.

5. Agus an fhoirm seo á cur faoi bhráid an Oifigeach Achomhairc Teanntála, tugann tú cead don NTA agus don Oifigeach Achomhairc Teanntála rochtain a fháil ar, féachaint ar agus breithniú a dhéanamh ar thaifid, íomhánna, sonraí agus chomhaid go léir an rialaitheoir páirceála ábhartha maidir leis na nithe atá mar ábhar an achomhairc agus don NTA teagmháil a dhéanamh leat, más gá, chun breithniú d'achomhairc a éascú. Má tá modh teagmhála nach mian leat go n-úsáidfeadh an NTA é, sonraigh é sin go soiléir le do thoil sa chuid den fhoirm "Bunúis an Achomhairc".

6. Ba cheart gach cáipéis tacaíochta ábhartha (cóipeanna amháin) a chur leis an bhfoirm seo. Agus eolas tacaíochta á chur faoi bhráid an clamping@nationaltransport.ie, ní mór don achomharcóir tabhairt faoi deara nach nglacfar ach leis na formáidí comhaid seo a leanas: JPEG, GIF, ING, IMG, MP3, MP4 & MOV. Féadfar meáin soghluaiste a éascú freisin faoi réir beart cuí in aghaidh víreas. Ba cheart tabhairt faoi deara go ndiúltóidh an freastalaí ríomhphoist go huathoibríoch don fhreastalaí ríomhphoist NTA do ríomhphoist a chuimsíonn comhaid i bhformáidí EXE, DLL nó MSI. Diúltóidh an freastalaí NTA freisin do ríomhphoist a bhfuil ríomhphoist eile iontu. Iarrtar ar an achomharcóir déanamh cinnte go mbíonn comhaid ceangailte le ríomhphoist seachas bheith cumhdaithe iontu. Moltar don achomharcóir freisin gurb é an t-uasmhéid comhaid gur féidir leis an NTA glacadh leis in aon ríomhphost amháin ná 35mb (i.e. ní féidir le méid iomlán an ríomhphoist agus aon chomhaid atá ceangailte leis, bheith níos mó ná 35MB). **Ní ghlacann an NTA le freagracht ar bith áit nach bhfaightear aighneachtaí a leagtar isteach ach nach gcloíonn leis na treoirlínte T.F. sin.**

7. Seo a leanas sampla de cháipéisí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do d'achomharc (ní liosta iomlán é): ráiteas finné, litir ó dhochtúir, chlinic nó ospidéal, cóip de shuaitheantas do dhaoine faoi mhíchumas (an dá thaobh), litir ó gharáiste, litir ó Gharda, grianghraif tógtha agat (luaigh an dáta agus an t-am le do thoil), taifeadtaí físeáin, ticéid nó fáltais pháirceála, léarscáileanna, pleananna.

An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Ráiteas Príobháideachais don tSeirbhís um Achomhairc in aghaidh Theanntáil Feithiclí

Tá an Fógra Príobháideachais seo eisithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair, Dún Scéine Cúirt Uíbh Eachach Lána Fhearchair Baile Átha Cliath 2 ("**NTA**", "**muid**", "**sinn**", "**ár**").

Is í an tseirbhís um achomhairc in aghaidh theanntáil feithiclí (an "**tseirbhís**") a sholáthraíonn an NTA i gcomhréir le forálacha Cuid 3 den Acht um Theanntáil Feithiclí 2015. Is é cuspóir an fhógra seo an léitheoir a chur ar an eolas maidir leis na sonraí a bhaineann leis/léi a d'fhéadfaimis a bhailiú agus a úsáid i dtaobh na seirbhíse agus an leas a bhainfimis as na sonraí sin (lena n-áirítear nochtadh na faisnéise do thríú páirtithe).

Má tá aon cheist agat maidir le húsáid do shonraí phearsanta againn, téigh i dteagmháil linn le do thoil ag **privacy@nationaltransport.ie**.ie. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin lenár n-Oifigeach um Chosaint Sonraí ag **privacy@nationaltransport.ie**.

Sonraí Pearsanta a Bhailímid agus a Phróiseálaimid

Baileoimid agus próiseálfaimid sonraí pearsanta a bhaineann leat maidir le d'achomharc in aghaidh teanntála. I measc na sonraí pearsanta seo, tá:

- d'ainm agus do shonraí teagmhála, lena n-áirítear do sheoladh baile, d'uimhir ghutháin agus do sheoladh ríomhphoist;
- cláruimhir d'fheithicle;
- sonraí faoi cathain agus cá háit a ndearnadh d'fheithicil a theanntáil;
- faisnéis maidir le teanntáil d'fheithicle agus faoin achomhairc tosaigh a rinne tú, faighte ón rialaitheoir páirceála (an chuideachta a rinne d'fheithicil a theanntáil); agus
- aon sonraí pearsanta eile a bhaineann leat a thugann tú dúinn nó a ghinimid fút maidir le d'achomharc.

Cúiseanna na hÚsáide agus Bunús Dlí

Bainfimid úsáid as sonraí pearsanta a bhaineann leat ar na cúiseanna seo a leanas:

- próiseáil d'achomharc in aghaidh teanntála a éascú;
- bunú, cur i gcrích nó cosaint éilimh dhlíthiúla; agus
- ár bhfeidhmeanna mar údarás poiblí a chur i gcrích agus cloígh lenár ndualgais dlíthiúla.

Ní bheidh muid in ann déileáil leis an achomharc a leagann tú isteach mura dtugann tú íosmhéid sonraí pearsanta.

Is iad seo a leanas na bunúis dlíthiúla a ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil orthu:

- go bhfuil sé riachtanach d'fheidhmíocht tascanna a dhéanaimid do leas an phobail nó i gcur i bhfeidhm údarás oifigiúil a dhílsíonn an dlí ionainn, go sonrach alt 11(2) agus 73 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, Cuid 3 agus alt 26 agus 28 den Acht um Theanntáil Feithiclí 2017 agus Cuid 3 de na Rialacháin ar Theanntáil Feithiclí agus Chomharthaí 2017; agus
- go bhfuil sé riachtanach le dualgas dlíthiúil a bhaineann linn a chomhlíonadh;

Faighteoirí Sonraí

Seans go nochtfaimid do shonraí pearsanta d'eagraíochtaí eile maidir leis na cúiseanna thuas, lena n-áirítear:

- Rialaitheoirí páirceála;
- Oibreoirí teanntála;
- Soláthraithe TF an NTA; agus
- d'údaráis agus do chomhlachtaí poiblí eile má tá ceangal dlí nó cead ón dlí orainn, amhail an Garda Síochána, ar mhaithe le cosc, imscrúdú nó aimsiú coire.

Coinneáil

Ní choinneoimid do shonraí pearsanta níos faide ná mar a theastaíonn. Coinneoimid do shonraí pearsanta fad is a theastaíonn sé uainn agus ar na cúiseanna a ndéantar cur síos orthu san Fhógra seo, nó le cloígh lenár ndualgais faoin dlí infheidhmithe agus le déileáil le haon éileamh nó aighneas a d'fhéadfadh teacht aníos eadrainn araon, más ann dó. Tá sé cinnte ag an NTA nach gcoimeádfar sonraí pearsanta a bhaineann le hachomhairc in aghaidh theanntáil feithiclí ar feadh níos mó ná trí (3) bliana ón gcinneadh deireanach i leith do d'achomhairc.

Do chearta

Tá na cearta seo a leanas agat i gcúinsí ar leith agus faoi réir srianta ar leith maidir le do shonraí pearsanta:

- an ceart rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta;
- an ceart chun iarratas a dhéanamh do shonraí pearsanta a cheartú/a scriosadh (ní féidir scriosadh a dhéanamh áit a bhfuil cinneadh déanta faoi achomharc);
- an ceart srian a chur le húsáid do shonraí pearsanta;
- an ceart diúltú d'úsáid do shonraí phearsanta; agus

Más maith leat aon cheann de na cearta a rinneadh cur síos orthu thuas a fheidhmiú, déan teagmháil linn, le do thoil, ag **privacy@nationaltransport.ie**.

Nuashonruithe

Seans go ndéanfaimid nuashonrú ar an mbeartas seo ó am go ham. Molaimid duit athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas seo ó am go chéile don eolas is déanaí ar ár gcleachtais príobháideachais.

Gearáin

Mura bhfuil tú sásta leis an gcaoi a mbainimid úsáid as do shonraí pearsanta nó an chaoi a n-éascaímid do chearta nó cloígh lenár ndualgais faoin dlí infheidhmithe cosanta sonraí, tá an ceart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí trí ríomhphost a sheoladh chuig **info@dataprotection.ie**.